

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

► **B** **RIALACHÁN (AE) 2019/287 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
an 13 Feabhra 2019

lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha

(IO L 53, 22.2.2019, lch. 1)

Arna leasú le:

Iris Oifigiúil

	Uimh	Leathanach	Dáta
► M1 Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1362 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024	L 1362	1	17.5.2024



RIALACHÁN (AE) 2019/287 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Feabhra 2019

lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme na gclásal coimirce déthaobhach agus sásraí eile a bhaineann le fabhair tharaife agus le cóireáil fhabhrach eile atá sna comhaontuithe trádála a thugtar i gcrích idir an tAontas agus tríú tír amháin nó níos mó dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a aistarraingt go sealadach.

Ní dochar na forálacha sin d'aon fhorálacha sonracha atá sna comhaontuithe trádála agus atá liostaithe san Iarscríbhinn maidir le clásail choimirce dhéthaobhacha nó le sásraí eile le haghaidh fabhair tharaife nó cóireáil fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach, i gcás nach bhfuil forálacha den sórt sin i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Dá bhrí sin, ní chuirfidh aon ní dá bhfuil sa Rialachán seo cosc ar an gCoimisiún chun forálacha sonracha den sórt sin a chaibidil i gcomhaontuithe trádála amach anseo.

2. Leanfar d'fheidhm a bheith ag Airteagal 194 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ maidir le cur i bhfeidhm beart coimirce le haghaidh fabhair tharaife nó cóireáil fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach atá sna comhaontuithe trádála a thugtar i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha nach dtagraítear dóibh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

- (1) ciallaíonn “Comhaontú” comhaontú trádála dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (2) ciallaíonn “clásal coimirce déthaobhach” foráil a bhaineann le fionraíocht shealadach fabhar taraife;
- (3) ciallaíonn “páirtithe leasmhara” na páirtithe a ndéanann allmhairiú an táirge difear dóibh;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margái i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

▼B

- (4) ciallaíonn “tionscal de chuid an Aontais” táirgeoirí an Aontais ina n-iomláine a tháirgeann táirgí comhchosúla nó táirgí díriomaíocha a oibríonn laistigh de chríoch an Aontais, nó táirgeoirí an Aontais arb ionann a gcomhaschur de tháirgí comhchosúla nó de tháirgí díriomaíocha agus cion mór de tháirgeacht iomlán an Aontais i dtaca leis an táirge sin; i gcás nach bhfuil sa táirge comhchosúil nó sa táirge díriomaíoch ach táirge amháin de roinnt táirgí a dhéanann táirgeoirí an Aontais, déanfar tionscal de chuid an Aontais a shainmhíniú i ndáil leis na hoibríochtaí sonracha a bhaineann le táirgeacht an táirge chomhchosúil nó an táirge dhíriomaíoch;
- (5) ciallaíonn “mórdhíobháil” lagú suntasach foriomlán ar sheasamh thionscal de chuid an Aontais;
- (6) ciallaíonn “bagairt mhórdhíobhála” mórdhíobháil is soiléir go bhfuil sí ar tí tarlú, is bunaithe ar fhaisnéis infhíoraithe a bheidh cinneadh ann;
- (7) ciallaíonn “táirge íogair” táirge atá aithint i gComhaontú sonrach gur mó an baol dó, i gcomparáid le táirgí eile, borradh allmhairí;
- (8) ciallaíonn “idirthréimhse” tréimhse 10 mbliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, murar sainíodh ar shlí eile í sa Chomhaontú ábhartha;
- (9) ciallaíonn “tír lena mbaineann” tríú tír is páirtí i gComhaontú.

*Airteagal 3***Prionsabail**

1. Féadfar beart coimirce a fhorchur i gcomhréir leis an Rialachán seo i gcás ina ndéanfar táirge de thionscnamh tíre lena mbaineann a allmhairiú isteach san Aontas:

- (a) i gcainníochtaí atá méadaithe an oiread sin, i nglanfhigiúirí nó i gcoibhneas le táirgeacht an Aontais, agus;
- (b) faoi choinníollacha den sórt sin, go bhfuil sé ina chúis le mórdhíobháil nó go mbagraíonn sé a bheith ina chúis le mórdhíobháil do thionscadal an Aontais; agus
- (c) gurb ann don mhéadú ar allmhairí de thoradh éifeacht na n-oibleagáidí a bhaineann leis an gComhaontú ar leith, lena n-áirítear laghdú nó díothú na ndleachtanna custaim ar an táirge sin.

2. Féadfar beart coimirce a dhéanamh i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

- (a) tuilleadh laghdaithe ar an ráta dleachta custaim ar an táirge lena mbaineann a chur ar fionraí de réir mar a fhoráiltear i Sceideal um Dhíchur Taraifi an Chomhaontaithe leis an tír lena mbaineann;
- (b) an ráta dleachta custaim ar an táirge lena mbaineann a mhéadú go leibhéal nach mó ná an ráta is ísle díobh seo a leanas:
 - (i) ráta dleachta custaim an náisiúin barrfhabhair a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an táirge lena mbaineann agus atá i bhfeidhm tráth a ndéantar an beart coimirce; nó

▼B

- (ii) an bonnráta dleachta custaim mar a shonraítear i Sceideal um Dhíchur Taraifí an Chomhaontaithe leis an tír lena mbaineann.

*Airteagal 4***Faireachán**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar bhonn rialta ar fhorás an staidrimh allmhairiúcháin maidir le táirgí íogaire, más ann dóibh, a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo i ndáil le gach Comhaontú. Chuige sin, comhoibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus le tionscal de chuid an Aontais ar bhonn rialta, agus malartóidh sé sonraí leo ar bhonn rialta.

2. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón tionscal de chuid an Aontais lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún raon feidhme an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 1 a shíneadh chuig aon táirgí nó earnálacha seachas iad siúd a luaitear san Iarscríbhinn.

3. Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faireacháin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an staidreamh i dtaobh allmhairí táirgí íogaire agus na dtáirgí nó na n-earnálacha sin ar síneadh an faireachán chucu.

*Airteagal 5***Imscrúdú a thionscnamh**

1. Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú a thionscnamh arna iarraidh sin do Bhallstát, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gníomhú thar ceann thionscal de chuid an Aontais, nó d'aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige atá ag gníomhú dóibh thar ceann thionscal de chuid an Aontais, nó ar thionscnamh an Choimisiúin féin i gcás ina bhfuil leordhóthain fianaise *prima facie* ann de mhórdhiobháil nó de bhagairt mhórdhiobhála do thionscal de chuid an Aontais, arna chinneadh ar bhonn na dtosca dá dtagraítear in Airteagal 6(5).

2. Ina theannta sin, féadfaidh tionscal de chuid an Aontais, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gníomhú thar ceann thionscal de chuid an Aontais, nó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige atá ag gníomhú thar ceann thionscal de chuid an Aontais, agus ceardchumainn tionscnamh imscrúduithe a iarraidh go comhpháirteach. Thairis sin, féadfaidh ceardchumainn tacú le hiarratais um imscrúdú tionscnamh. Ní dhéanann sé seo difear don cheart atá ann do thionscal de chuid an Aontais an iarraidh a aistarraingt.

3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sna hiarratais um imscrúdú tionscnamh:

- (a) ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí den táirge lena mbaineann i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta;
- (b) an sciar den mhargadh baile a bhaineann leis na hallmhairí méadaithe agus na hathruithe maidir le tionscal de chuid an Aontais i ndáil leis an leibhéal díolacháin, táirgeachta, táirgiúlachta, úsáid acmhainne, brabúis agus caillteanais, agus fostaíochta.

4. Maidir le raon feidhme an táirge atá faoi réir imscrúdaithe, d'fhéadfadh sé go gcuimseofar leis líne tharaife amháin nó roinnt línte taraife, nó fodheighilt amháin nó roinnt fodheighiltí de líne tharaife amháin nó roinnt línte taraife, ag brath ar imthosca sonracha an mhargaidh, nó d'fhéadfadh sé aon deighilt táirgí a chuirtear i bhfeidhm go coitianta i dtionscal de chuid an Aontais a leanúint;

▼B

5. Féadfar imscrúdú a thionscnamh freisin i gcás ina dtiocfaidh borradh faoi allmhairí atá comhchruinnithe i mBallstát amháin nó i roinnt Ballstát, ar choinníoll go bhfuil leordhóthain fianaise *prima facie* ann de mhórdhiobháil nó de bhagairt mhórdhiobhála do thionscal de chuid an Aontais, arna chinneadh ar bhonn na dtosca dá dtagraítear in Airteagal 6(5).

6. Cuirfidh an Coimisiún cóip d'iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh faoi bhráid na mBallstát sula ndéanfaidh sé an t-imscrúdú a thionscnamh. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún imscrúdú a thionscnamh as a stuaim féin de bhun mhír 1, cuirfidh sé faisnéis faoi bhráid na mBallstát tar éis dó a chinneadh go raibh gá leis an imscrúdú sin.

7. Más rud é gur léir don Choimisiún go bhfuil leordhóthain fianaise *prima facie* ann mar údar le himscrúdú a thionscnamh, déanfaidh an Coimisiún an t-imscrúdú a thionscnamh agus déanfaidh sé fógra i ndáil le himscrúdú a thionscnamh (an “fógra tionscnaimh”) a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Déanfar an t-imscrúdú a thionscnamh laistigh de 1 mhí amháin ón tráth a bhfaighidh an Coimisiún an iarraidh de bhun mhír 1.

8. Beidh na heilimintí seo a leanas san fhógra tionscnaimh:

- (a) achoimre ar an bhfaisnéis a fuarthas ag an gCoimisiún agus iarraidh go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha uile a chur chuig an gCoimisiún;
- (b) an tréimhse a bhféadfaidh páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena linn, má tá na tuairimí agus an fhaisnéis sin le cur san áireamh le linn an imscrúduithe;
- (c) an tréimhse a bhféadfaidh páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh lena linn ar éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 6(9).

Airteagal 6

Imscrúdú a sheoladh

1. Tar éis fhoilsiú an fhógra tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 5(7) agus (8), déanfaidh an Coimisiún imscrúdú a thionscnamh.

2. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar agus déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun éifeacht a thabhairt d'iarrataí den sórt sin. Más rud é gur faisnéis de chineál leasa ghinearálta í an fhaisnéis arna iarraidh sin, agus nach faisnéis rúnda í de réir bhrí Airteagal 12, cuirfear leis an gcomhad neamhrúnda dá bhforáiltear i mír 8 den Airteagal seo í.

3. Más féidir, cuirfear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 6 mhí ón dáta a fhoilseofar an fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Féadfar 3 mhí a chur leis an teorainn ama sin in imthosca eisceachtúla, amhail líon neamhghnách ard páirtithe leasmhara a bheith ann nó staidéanna casta margaidh. Déanfaidh an Coimisiún fógra a thabhairt do na páirtithe leasmhara uile i dtaobh aon sínté den sórt sin agus míneoidh sé na cúiseanna atá leis.

▼B

4. Lorgóidh an Coimisiún an fhaisnéis uile a mheasann sé a bheith riachtanach chun na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) a chinneadh, agus, más iomchuí, fíoróidh sé an fhaisnéis sin.

5. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na tosca ábhartha uile atá de chineáil oibiachtúil agus inchainníochtúil agus a imríonn tionchar ar an staid ina bhfuil tionscal de chuid an Aontais, go háirithe an ráta ag a bhfuil allmhairí an táirge i dtrácht ag ardú agus méid an ardaithe sin, i ndearbhfthearmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, an sciar sin den mhargadh intíre a bhaineann leis na hallmhairí méadaithe, agus athruithe maidir le tionscal de chuid an Aontais i dtaca leis an leibhéal díolacháin, táirgeachta, táirgiúlachta, úsáid acmhainne, brabúis agus caillteanais, agus fostaíochta. Ní liosta iomlán é an liosta sin agus d'fhéadfadh an Coimisiún tosca ábhartha eile a chur san áireamh i gcomhair a chinnidh an bhfuil mórdhíobháil nó bagairt mhórdhíobhála ann, amhail stoic, praghsanna, fáltas ar chaipiteal a úsáidtear, sreabhadh airgid, leibhéal sciaranna sa mhargadh agus tosca eile is cúis le mórdhíobháil nó ba chúis le mórdhíobháil, nó ba bhaol a bheith ina gcúis le mórdhíobháil do thionscal de chuid an Aontais.

6. Féadfaidh páirtithe leasmhara atá tar éis faisnéis a chur isteach de bhun phointe (b) d'Airteagal 5(8), agus féadfaidh ionadaithe na tíre lena mbaineann, ar iarratas i scríbhinn, iniúchadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile a fhaigheann an Coimisiún i dtaca leis an imscrúdú, seachas doiciméid inmheánacha arna n-ullmhú ag údaráis an Aontais nó ag údaráis na mBallstát, ar choinníoll go mbaineann an fhaisnéis den sórt sin le cur i láthair a gcáis agus nach faisnéis rúnda í de réir bhrí Airteagal 12, agus ar choinníoll go bhfuil sí á húsáid ag an gCoimisiún san imscrúdú. Féadfaidh páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl faoin bhfaisnéis den sórt sin freisin. I gcás ina bhfuil leordhóthain fianaise *prima facie* ann chun tacú leis na tuairimí sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh iad.

7. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na sonraí uile agus an staidreamh uile a úsáidfear don imscrúdú ar fáil agus go mbeidh siad ionadaíoch, sothuigthe, trédhearcach agus infhíoraithe.

8. A luaithe a bheidh an creat teicniúil is gá i bhfeidhm, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain ar líne faoi chosaint phasfhocail ann don chomhad neamhrúnda (an “t-ardán ar líne”), agus déanfaidh sé bainistiú air sin, agus is tríd sin a scaipfear an fhaisnéis uile atá ábhartha agus nach bhfuil faoi rún, de réir bhrí Airteagal 12. Tabharfar rochtain ar an ardán ar líne sin do pháirtithe leasmhara, do na Ballstáit agus do Pharlaimint na hEorpa.

9. Tabharfaidh an Coimisiún éisteacht do pháirtithe leasmhara, go háirithe i gcás ina bhfuil iarratas i scríbhinn déanta acu laistigh den tréimhse a bheidh leagtha síos san fhógra tionscnaimh a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ar iarratas é ina léireofar gur dócha go ndéanfaidh toradh an imscrúdaithe difear dóibh agus go bhfuil cúiseanna speisialta ann le héisteacht ó bhéal a thabhairt dóibh. Tabharfaidh an Coimisiún éisteacht do pháirtithe leasmhara ar ócáidí eile má tá cúiseanna speisialta ann leis sin.

▼B

10. Déanfaidh an Coimisiún rochtain ar an imscrúdú a éascú d'earnálacha tionscail éagsúla agus ilroinnte, ar earnálacha iad atá comhdhéanta den chuid is mó d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus déanfaidh sé amhlaidh le Deasc Chabhrach tiomanta do FBManna, mar shampla trí fheasacht a mhúscailt, trí fhaisnéis agus mínithe ginearálta a thabhairt maidir le nósanna imeachta a sholáthar agus maidir le conas gearán a thíolacadh, trí cheistneoirí caighdeánacha a chur amach i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais agus trí fhreagra a thabhairt ar fhiosrúcháin ghinearálta nach mbaineann le cás sonrach. Déanfaidh an Deasc Chabhrach do FBManna foirmeacha caighdeánacha le haghaidh staitisticí a chur ar fáil, ar foirmeacha iad a bheidh le tíolacadh chun críocha seasamh gnó agus ceistiúchán.

11. I gcás nach soláthrófar faisnéis laistigh de na teorainneacha ama a shocróidh an Coimisiún, nó i gcás ina gcuirfear bac mór ar an imscrúdú, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh ar bhonn na bhfioras atá ar fáil. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach go ndearna aon pháirtí leasmhar nó aon tríú páirtí faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar dó, déanfaidh sé neamhshuim den fhaisnéis sin agus féadfaidh sé úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

12. Beidh oifig an Oifigigh Éisteachta, a leagtar a chumhachtaí agus a fhreagrachtaí amach i sainordú arna ghlacadh ag an gCoimisiún, i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus déanfaidh an t-oifigeach feidhmiú éifeachtach chearta nós imeachta na bpáirtithe leasmhara a choimirciú.

13. Tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don tír nó do na tíortha lena mbaineann maidir le himscrúdú a thionscnamh.

*Airteagal 7***Bearta réamhfhaireachais**

1. Féadfaidh an Coimisiún bearta réamhfhaireachais a ghlacadh i dtaca le hallmhairí táirge ó thír lena mbaineann más rud é go bhféadfadh ceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 5 a bheith mar thoradh ar an treocht in allmhairí an táirge sin. Déanfar na bearta réamhfhaireachais sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

2. Beidh bearta réamhfhaireachais bailí ar feadh tréimhse theoranta. Mura bhforáiltear a mhalairt, scoirfidh siad de bheith bailí ag deireadh an dara tréimhse 6 mhí tar éis na chéad 6 mhí tar éis inar tugadh na mbearta sin isteach.

*Airteagal 8***Bearta coimirce sealadacha a fhorchur**

1. In imthosca géibheannacha inar dócha moill a bheith ina cúis le damáiste ba dheacair a leigheas, rud a fhágann gur gá gníomhú láithreach, glacfaidh an Coimisiún bearta coimirce sealadacha, de bhun réamhchinneadh ón gCoimisiún, ar bhonn na dtosca dá dtagraítear in Airteagal 6(5) go bhfuil leordhóthain fianaise *prima facie* ann go bhfuil táirge de thionscnamh na tíre lena mbaineann á allmhairiú:

- (a) i gcainníochtaí atá méadaithe an oiread sin, i nglanfhigiúirí nó i gcoibhneas le táirgeacht an Aontais; agus
- (b) faoi choinníollacha den sórt sin, go bhfuil sé ina chúis de shórt le mórdhiobháil, nó gur baol dó a bheith ina chúis le mórdhiobháil, do thionscadal an Aontais; agus
- (c) gurb é laghdú nó díothú na ndleachtanna custaim ar an táirge sin is cúis leis an méadú ar allmhairí.

▼B

Déanfar na bearta réamhfhairéachais sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

2. Ar mhórfhorais práinne a bhfuil údar cuí leo, i gcás ina n-iarrfaidh Ballstát idirghabháil láithreach ar an gCoimisiún agus ina mbeidh na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo comhlíonta, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 17(4). Déanfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh de 5 lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil.

3. Ní bheidh feidhm ag bearta coimirce sealadacha ar feadh tréimhse is faide ná 200 lá féilire.

4. I gcás ina n-aisghairfear na bearta coimirce sealadacha toisc gur léir ón imscrúdú nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) comhlíonta, déanfar aon dleacht chustaim a bailíodh mar thoradh ar na bearta coimirce sealadacha sin a aisíoc go huathoibríoch.

5. Beidh feidhm ag bearta coimirce sealadacha maidir le gach táirge a chuirfear i saorchúrsaíocht tar éis dháta theacht i bhfeidhm na mbearta sin. Ní dhéanfaidh na bearta sin, áfach, cosc a chur le táirgí atá faoi bhealach chuig an Aontas cheana féin a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcás nach féidir ceann scríbe na dtáirgí sin a athrú.

*Airteagal 9***Foirceannadh imscrúduithe agus imeachtaí gan bhearta**

1. I gcás inarb é conclúid an imscrúdaithe nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) comhlíonta, foilseoidh an Coimisiún, i gcomhréir leis na nósanna imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(3), cinneadh lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú agus na himeachtaí.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a phoibliú ina leagfar amach a chinntí agus na conclúidí réasúnaithe ar thángthas orthu maidir le gach saincheist imthosca fíorais agus dlí, ag féachaint go hiomchuí do chosaint faisnéise rúnda de réir bhrí Airteagal 12.

*Airteagal 10***Bearta coimirce cinntitheacha a fhorchur**

1. I gcás inarb é conclúid an imscrúdaithe go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) comhlíonta, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(3), bearta coimirce cinntitheacha a ghlacadh.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a phoibliú ina mbeidh achoimre ar na fíorais ábhartha agus ar na nithe atá ábhartha don chinneadh, ag féachaint go hiomchuí do chosaint faisnéise rúnda de réir bhrí Airteagal 12.



Airteagal 11

Fad na mbeart coimirce agus athbhreithniú orthu

1. Ní leanfaidh beart coimirce de bheith i bhfeidhm ach go ceann cibé tréimhse ama a mbeidh gá léi chun an mhórdhíobháil do thionscal de chuid an Aontais a chosc nó a leigheas, agus chun oiriúnú a éascú. Ní rachaidh an tréimhse sin thar 2 bhliain, ach amháin má chuirtear síneadh léi de réir mhír 2 den Airteagal seo.
2. Féadfar síneadh suas le 2 bhliain a chur le tréimhse thosaigh birt coimirce dá dtagraítear i mír 1 ar choinníoll go leanfaidh an beart coimirce de bheith riachtanach chun mórdhíobháil do thionscal de chuid an Aontais a chosc nó a leigheas agus ar choinníoll go bhfuil fianaise ann go bhfuil oiriúnú á dhéanamh i dtionscal de chuid an Aontais.
3. Féadfar aon Bhallstát, aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gníomhú thar ceann thionscal de chuid an Aontais, nó aon chomhlachas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, ach a ghníomhaíonn thar ceann thionscal de chuid an Aontais, síneadh a iarraidh dá dtagraítear i mír 2. I gcás den sórt sin, sula ndéanfaí cinneadh maidir leis an síneadh, déanfaidh an Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh d'fhonn a fháil amach an gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo, ag féachaint do na tosca dá dtagraítear in Airteagal 6(5). Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú den sórt sin a thionscnamh ar a thionscnamh féin má tá leordhóthain fianaise *prima facie* ann go bhfuil na coinníollacha arna leagtha síos i mír 2 den Airteagal seo comhlíonta. Fanfaidh an beart coimirce sin i bhfeidhm go dtí go bhfaighfear toradh an athbhreithnithe sin.
4. Déanfar an fógra maidir le tionscnamh an athbhreithnithe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 5(7) agus (8). Déanfar an t-athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 6.
5. Is i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 10 a dhéanfar aon chinneadh maidir le síneadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo.
6. Ní mhairfidh fad iomlán birt coimirce níos mó ná 4 bliana, lena n-áirítear tréimhse chur i bhfeidhm aon bheart coimirce sealadach, an tréimhse thosaigh chur i bhfeidhm agus síneadh na tréimhse sin.

Airteagal 12

Rúndacht

1. Is chun na críche ar iarradh í, agus chun na críche sin amháin, a fhéadfar faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid.
2. Ní dhéanfar faisnéis ar bith de chineál rúnda a gheofar de bhun an Rialacháin seo, ná aon fhaisnéis a sholáthrófar ar bhonn rúnda agus a gheofar de bhun an Rialacháin seo, a nochtadh gan cead sainráite ó sholáthróir na faisnéise sin.
3. I ngach iarraidh ar rúndacht, luafar na cúiseanna gur cheart an bhfaisnéis a bheith rúnda. Ceanglófar ar pháirtithe leasmhara atá ag soláthar faisnéis rúnda, achoimrí neamhrúnda den fhaisnéis sin a sholáthar freisin. Beidh na hachoimrí sin mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar tuiscint réasúnta a fháil ar shubstaint na faisnéise rúnda a cuireadh isteach. I gcúinsí eisceachtúla, féadfaidh páirtithe leasmhara den sórt sin a chur in iúl nach féidir achoimre a dhéanamh ar an bhfaisnéis. I gcúinsí den sórt sin, cuirfear an páirtí leasmhar ráiteas ar fáil faoi na cúiseanna go bhfuil achoimriú indéanta. Má dhealraíonn sé,

▼B

áfach, nach bhfuil bonn cirt le hiarraidh ar rúndacht agus mura dteastaíonn ó sholáthróir na faisnéise é a phoiblíú ná nochtadh na faisnéise a cheadú, bíodh substaint ghinearálta na faisnéise nó achoimre di i gceist, féadfar neamhshuim a dhéanamh den fhaisnéis lena mbaineann.

4. In aon chás, measfar go bhfuil gach faisnéis faoi rún más dócha go ndéanfaidh nochtadh na faisnéise dochar suntasach do sholáthróir nó d'fhoinsé na faisnéise sin.

5. Ní fhágfaidh mír 1 go mír 4 nach bhféadfaidh údaráis an Aontais tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis ghinearálta agus, go háirithe, do chúiseanna a bhfuil cinntí arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo. Mar sin féin, cuirfidh údaráis an Aontais san áireamh leas dlisteanach na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann ar mian leo nach nochtfar a gcuid rún gnó.

*Airteagal 13***Tuarascáil**

1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm, cur chun feidhme agus comhlíonadh oibleagáidí atá i ngach Comhaontú, lena n-áirítear an chaibidil faoi Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, más ann don chaibidil sin sa chomhaontú, agus sa Rialachán seo.

2. Áireofar sa tuarascáil, *inter alia*, faisnéis maidir le cur i bhfeidhm beart coimirce sealadach agus cinntitheach, maidir le haon bearta réamhfhairéachais, maidir le haon bearta faireachais réigiúnacha agus bearta coimirce réigiúnacha, maidir le haon imscrúduithe nó imeachtaí gan bhearta a fhoirceannadh, agus faisnéis maidir le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí éagsúla atá freagrach as an gcomhaontú a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí na ngrúpaí comhairleacha baile.

3. Déanfar achoimre ar an staitisticí agus ar na hathruithe ar an trádáil le gach tír lena mbaineann a leagan amach sa tuarascáil freisin.

4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, laistigh de 2 mhí ó thaisceadh thuarascáil an Choimisiúin, a iarraidh ar an gCoimisiún teacht chuig cruinniú dá coiste freagrach chun aon saincheistanna a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur i láthair agus a mhíniú.

5. Tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis a thuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, déanfaidh an Coimisiún í a phoiblíú.

*Airteagal 14***Sásraí agus critéir eile chun fabhair tharaife agus cóireáil fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach**

1. I gcás ina bhforálfar i gComhaontú maidir le sásraí nó critéir eile lena gceadaítear fabhair tharaife nó cóireáil fhabhrach eile a aistarraingt go sealadach i ndáil le táirgí áirithe, amhail an sásra cobhsaíochta (i dtaca leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas, cuir i gcás), i gcás ina gcomhlíontar na téarmaí a leagtar síos sa Chomhaontú ábhartha, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar:

(a) na fabhair tharaife nó cóireáil fhabhrach eile don táirge lena mbaineann a chur ar fionraí nó a dheimhniú nach bhfuil siad á gcur ar fionraí;

▼B

- (b) na fabhair tharaife nó cóireáil fhabhrach eile a thabhairt ar ais i gcás ina bhfuil na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú ábhartha comhlíonta;
- (c) an fhionraíocht a choigeartú le bheith i gcomhréir leis na coinníollacha atá sa chomhaontú ábhartha; nó
- (d) aon bheart eile a shonraítear sa Chomhaontú ábhartha.

Déanfar na gníomhartha sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(3).

2. Ar mhórfhorais práinne a bhfuil údar cuí leo, i gcás ina ndéanfaí damáiste ba dheacair a leigheas de thoradh moill ar an mbeart dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhéanamh, nó chun iarmhairt dhiúltach ar mhargadh an Aontais, go háirithe de thoradh méadú ar allmhairí, a chosc, nó de réir foráil eile sa Chomhaontú ábhartha, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 17(4).

*Airteagal 15***Gníomhartha tarmligthe**

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16, chun an Iarscríbhinn a leasú d'fhonn na nithe seo a leanas a chur leis nó a scriosadh:

- (a) Comhaontú;
- (b) aon fhorálacha sonracha dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 1(1);
- (c) aon táirgí íogaire;
- (d) aon fhorálacha lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le sásraí eile dá dtagraítear in Airteagal 14 a bhaineann *inter alia*, más infheidhme, le faireachán a dhéanamh, le spriocanna d'imscrúduithe, agus le tuairisciú.

*Airteagal 16***An tarmligeán a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 15 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 14 Márta 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

▼B

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na thréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an thréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 17***Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an coiste a bunaíodh le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 4 de.

*Airteagal 18***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 83, 27.3.2015, lch. 16).

**M1***IARSCRÍBHINN***FORÁLACHA SONRACHA ATÁ SNA COMHAONTUITHE AGUS ARNA GCUR CHUN FEIDHME LEIS AN RIALACHÁN SEO****Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingepór**

Dáta cur i bhFeidhm	21.11.2019
Clásal coimirce déthaobhach nó sásraí eile	Caibidil a Trí Leigheasanna Trádála, Roinn C Clásal Coimirce Déthaobhach
Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú	Airteagal 3.11.3 ‘3. Ní dhéanfar an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 3.10 (Feidhmiú an Bhirt Coimirce Dhéthaobhaigh) mura léirítear san imscrúdú ar bhonn fianaise oibiachtúil go bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe ón bpáirtí eile agus mórdhíobháil nó bagairt na mórdhíobhála sin. I ndáil leis sin, tabharfar aird chuig ar thosca eile, lena n-áirítear allmhairiú an táirge chéanna ó thíortha eile.’ Airteagal 3.11.4 ‘4. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údarás inniúil aon imscrúdú den sórt sin a chur i gcrích laistigh de 1 bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.’ Airteagal 3.11.5(c) ‘5. Ní chuirfidh ceachtar de na Páirtithe beart coimirce déthaobhach mar a leagtar amach sin i mír 1 d’Airteagal 3.10 i bhfeidhm (Feidhmiú an Bhirt Coimirce Dhéthaobhaigh): [...] (c) tar éis dhul in éag na hidirthréimhse, ach amháin le toiliú an Pháirtí eile.’ Airteagal 3.11.6 ‘6. Ní chuirfear aon bheart i bhfeidhm arís maidir le hallmhairiú an earra chéanna le linn na hidirthréimhse, mura rud é go bhfuil tréimhse ama caite arb ionann í agus leath na tréimhse inar cuireadh an beart coimirce i bhfeidhm roimhe sin. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag mír 3 d’Airteagal 3.13 (Cúiteamh).’ Airteagal 3.11.7 ‘7. Nuair a fhoirceannann Páirtí beart coimirce déthaobhach, is é an ráta dleachta custaim an ráta a bheadh i bhfeidhm murach an beart, de réir a Sceidil a áirítear in Iarscríbhinn 2-A.’

Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam

Dáta cur i bhFeidhm	1.8.2020
Clásal coimirce déthaobhach nó sásraí eile	Caibidil 3 Leigheasanna Trádála, Roinn C Clásal coimirce déthaobhach

▼ **M1**

Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú	Airteagal 3.11.4 ‘4. Léireoidh an t-imscrúdú freisin, ar bhonn fianaise oibiachtúil, gur ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe agus an mhórdhiobháil nó bagairt na mórdhiobhála sin. Cuirfear san áireamh freisin san imscrúdú aon toisc atá ann seachas an méadú ar allmhairí a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le díobháil an tráth céanna.’ Airteagal 3.11.5 ‘5. Áiríteoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údarás inniúil an t-imscrúdú dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích laistigh de 1 bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.’ Airteagal 3.11.6(c) ‘6. Ní ceadmhach do Pháirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm: [...] (c) tar éis dhul in éag na hidirthréimhse, ach amháin le toiliú an Pháirtí eile.’ Airteagal 3.11.7 ‘7. Chun coigeartú a éascú i gcás inar faide ná dhá bhliain an fad a mheastar a mhairfidh beart coimirce déthaobhach, déanfaidh an Páirtí a chuirfidh an beart i bhfeidhm an beart a léirscaoileadh de réir a chéile go tráthrialta le linn na tréimhse cur i bhfeidhm.’ Airteagal 3.11.8 ‘8. Nuair a fhoirceannann Páirtí beart coimirce déthaobhach, is é an ráta dleachta custaim an ráta a bheadh i bhfeidhm murach an beart, de réir a sceidil a áirítear in Iarscríbhinn 2-A (Laghú nó Díothú Dleachtanna Custaim).’ Airteagal 3.14 ‘14. Chun an éifeachtúlacht is mó is féidir a áirithiú le haghaidh chur i bhfeidhm na rialacha maidir le leigheas trádála faoin gCaibidil seo, úsáidfídh údarais imscrúdúcháin na bPáirtithe an Béarla mar bhonn don chumarsáid agus do na doiciméid a mhalartaítear i gcomhthéacs imscrúduithe leigheasanna trádála idir na Páirtithe.’
--------------------------------------	---

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch

Dáta cur i bhfeidhm	1.2.2019
Clásal coimirce déthaobhach nó sásraí eile	Caibidil 5 Leigheasanna Trádála, Roinn A Forálacha ginearálta agus Roinn B Bearta coimirce déthaobhacha, agus Airteagal 18 Cosaint d’Iarscríbhinn 2-C Mótarfheithiclí agus Páirteanna
Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú	Airteagal 5.1(d) ‘(d) ciallaíonn ‘idirthréimhse’, i ndáil le hearra tionscnaimh áirithe, an tréimhse dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus dar deireadh 10 mbliana tar éis dháta chríochnú an laghdaithe nó an díothaithe taraife ar an earra sin i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A.’ Airteagal 5.2.2(b)(ii) ‘(ii) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an lá díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.’

▼ M1

Airteagal 5.3.2*2. Ní fhéadfar bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm ach amháin le linn na hidirthréimhse.’

Airteagal 5.3.3

‘3. Chun aon choigeartú a éascú i gcás inar faide fad ionchais an bhirt coimirce dhéthaobhaigh ná 1 bhliain amháin, déanfaidh an Páirtí a choinneoidh an beart coimirce déthaobhach an beart coimirce déthaobhach a léirscaoileadh de réir a chéile go tráthrialta le linn na tréimhse cur i bhfeidhm.’

Airteagal 5.3.4

‘4. Ní chuirfear aon bheart coimirce déthaobhach i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earra tionscnaimh áirithe a bhí faoi réir birt coimirce dhéthaobhaigh den sórt sin cheana ar feadh tréimhse is comhionann le ré an bhirt coimirce dhéthaobhaigh roimhe sin nó ar feadh bliana, cibé acu is faide.’

Airteagal 5.3.5

‘5. Ar bheart coimirce déthaobhach a fhoirceannadh, is é an ráta dleachta custaim don earra tionscnaimh atá faoi réir an bhirt an ráta a bheadh i bhfeidhm murach an beart coimirce déthaobhach.’

Airteagal 5.4.2

‘2. Cuirfear an t-imscrúdú i gcrích i ngach cás laistigh de bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.’

Airteagal 5.4.4

‘4. Ní dhéanfar an cinneadh go bhfuil allmhairí méadaithe earra tionscnaimh ina chúis le mórdhiobháil, nó go bhfuil bagairt mórdhiobhála ann, do thionscal intíre mura léirítear san imscrúdú, ar bhonn fianaise oibiachtúil, gur ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an earra tionscnaimh agus an mhórdhiobháil nó an bhagairt mórdhiobhála don tionscal intíre. Sa chinneadh sin, cuirfear san áireamh fachtóirí seachas allmhairí méadaithe an earra tionscnaimh atá ina gcúis díobhála freisin don tionscal intíre an tráth céanna.’

Airteagal 5.8

‘8. Is i mBéarla a dhéanfar na fógraí dá dtagraítear i mír 1 d’Airteagal 5.5 agus mír 2 d’Airteagal 5.7 agus aon chumarsáid eile idir na Páirtithe faoin Roinn seo.’

Airteagal 18 Coimirciú Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna

‘1. I rith na 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh sé de cheart ag gach ceann de na Páirtithe lamháltais choibhéiseacha nó oibleagáidí coibhéiseacha eile a chur ar fionraí i gcás (*): (a) nach gcuirfidh an Páirtí eile i bhfeidhm Rialachán de chuid na Náisiún Aontaithe arna shonrú in Aguisín 2-C-1, nó ina scorfaidh sé de Rialachán den sórt sin a chur i bhfeidhm nó (b) go ndéanfaidh an Páirtí eile aon bheart rialála eile a thabhairt isteach nó a leasú lena neamhnítear nó lena lagaítear na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán de chuid NA arna shonrú in Aguisín 2-C-1.

2. Leanfaidh fionraíochtaí de bhun mhír 1 de bheith i bhfeidhm go dtí an tráth sin, agus go dtí an tráth sin amháin, a ndéanfar cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta brostaithe um réiteach díospóide dá dtagraítear in Airteagal 19 den Iarscríbhinn seo nó a dtiocfar ar réiteach is inghlactha ag an dá thaobh, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin faoi fhophointe (b) d’Airteagal 19 den Iarscríbhinn seo, cibé acu is tuisce.

(*) Ní bheidh an leibhéal fionraí lamháltas nó oibleagáidí eile níos mó ná leibhéal mhéid na trádála déthaobhaí idir na Páirtithe i dtáirgí a chumhaítear leis an Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe dá dtagraítear i bhfomhír 1(a) nó (b) den Airteagal seo.’

▼M1

Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn

Dáta cur i bhFeidhm	1.6.2024
Clásal coimirce déthaobhach nó sásraí eile	Caibidil 5 Leigheasanna Trádála, Roinn D Bearta Coimirce Déthaobhacha
Foráil (forálacha) atá sa Chomhaontú	Airteagal 5.7(c), (e) agus (g) ‘(c) ciallaíonn ‘meath tromchúiseach’ deacrachtaí móra in earnáil den gheilleagar ina dtáirgtear earraí comhchosúla nó earraí díriomaíocha; [...] (e) ciallaíonn ‘bagairt an mheatha thromchúisigh’ meath tromchúiseach ar soiléir go bhfuil sí ar tí tarlú, ar bhonn na bhfioras agus ní ar líomhaintí, ar thuairimíocht ná ar fhéidearthacht fhánach amháin; [...] (g) ciallaíonn ‘idirthréimhse’ tréimhse de 7 mbliana dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.’ Airteagal 5.8.2(b)(ii) ‘(ii) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an lá díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.’ Airteagal 5.9.1(a) agus (c) ‘1. Ní chuirfear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm: (a) ach amháin a mhéid is gá, agus go ceann cibé tréimhse, is gá chun an mhórdhiobháil nó bagairt mórdhiobhála don tionscal intíre a chosc nó a leigheas nó chun meath tromchúiseach nó an bhagairt meatha thromchúisigh i staid eacnamaíoch an réigiúin fhorimeallaigh nó na réigiún forimeallach a chosc nó a leigheas; [...] (c) i ndiaidh dhul in éag na hidirthréimhse.’ Airteagal 5.9.2(a) ‘2. Féadfar síneadh bliain amháin a chur leis an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 ar choinníoll: (a) go gcinntídh údarais inniúla imscrúdaithe an Pháirtí allmhairiúcháin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear i bhForoinn 1 (Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha), go bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart coimirce déthaobhach chun an mhórdhiobháil nó an bhagairt mórdhiobhála don tionscal intíre a chosc nó a leigheas nó chun meath tromchúiseach nó bagairt an mheatha thromchúisigh i staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí a chosc nó a leigheas;’ Airteagal 5.9.3 ‘3. Nuair a scoirfidh Páirtí de bheart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, is é an ráta a bheadh in éifeacht don earra lena mbaineann roimhe sin an ráta dleachta custaim a bheidh ann, i gcomhréir le hlarscríbhinn 2-A (Sceidil um dhíothú taraifi).’ Airteagal 5.9.4 ‘4. Ní chuirfear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earra de Pháirtí a bhí faoi réir birt coimirce dhéthaobhaigh den sórt sin cheana ar feadh tréimhse is comhionann le leath ré an bhirt coimirce dhéthaobhaigh roimhe sin.’ Airteagal 5.9.5 ‘5. Ní dhéanfaidh Páirtí na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis an earra céanna an tráth céanna: (a) beart coimirce déthaobhach sealadach, beart coimirce déthaobhach sealadach nó beart coimirce de chuid na réigiún is forimeallaí de bhun an Chomhaontaithe seo; agus

▼ M1

- (b) beart coimirce de bhun Airteagal XIX de GATT 1994 agus faoin gComhaontú maidir le Coimirce.’

Airteagal 5.10.1

‘1. In imthosca criticiúla, i gcás ina mbeadh moill ina cúis le damáiste a bheadh deacair a leigheas, féadfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach sealadach a chur i bhfeidhm, de bhun réamhchinnidh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra de thionscnamh an Pháirtí eile de thoradh dleacht chustaim a laghdú nó a dhíothú faoin gComhaontú seo, agus go bhfuil allmhairí den sórt sin ina gcúis le mórdhíobháil nó le bagairt mórdhíobhála don tionscal intíre nó le meath tromchúiseach nó le bagairt meatha thromchúisigh ar staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí.’

Airteagal 5.10.3

‘3. Déanfar an dleacht chustaim a fhorchuirtear mar thoradh ar an mbeart coimirce déthaobhach sealadach a aisíoc go pras mura gcinntear leis an imscrúdú ina dhiaidh sin dá dtagraítear i bhForoinn 1 (Rialacha nós imeachta is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha) go bhfuil allmhairí an earra atá faoi réir an bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh ina gcúis le mórdhíobháil nó le bagairt mórdhíobhála don tionscal intíre nó le meath tromchúiseach nó le bagairt meatha thromchúisigh ar staid eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiún is forimeallaí.’

Airteagal 5.11

‘Na Réigiúin is Forimeallaí

1. I gcás ina bhfuil aon táirge de thionscnamh na Nua-Shéalainne á allmhairiú isteach go díreach i gcríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí den Aontas (*) i gcainníochtaí méadaithe agus faoi choinníollacha a bheadh ina gcúis le meath tromchúiseach ar chás eacnamaíoch an réigiúin nó na réigiúin is forimeallaí lena mbaineann, nó dá mbagrófaí a leithéid, féadfaidh an tAontas, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm ar bhonn eisceachtúil atá teoranta do chríoch an réigiúin nó na réigiúin is forimeallaí lena mbaineann.

2. Chun críocha mhír 1, beidh an cinneadh maidir le meath tromchúiseach bunaithe ar thosca oibiachtúla, lena n-áirítear na gnéithe seo a leanas:

- (a) an dearbhmhéadú nó an méadú coibhneasta ar mhéid na n-allmhairí i gcomparáid le táirgeacht intíre agus le hallmhairí ó fhoinsí eile; agus
 - (b) éifeacht na n-allmhairí sin ar staid an tionscail ábhartha nó na hearnála eacnamaíche lena mbaineann, lena n-áirítear an éifeacht ar na leibhéil díolacháin, ar tháirgeacht, ar an staid airgeadais agus ar fhostaíocht.
3. Gan dochar do mhír 1, beidh feidhm ag an Roinn seo maidir le haon bheart coimirce a ghlactar faoin Airteagal seo, *mutatis mutandis*.’

(*) Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, is iad Guadaluip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Mayotte, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha na réigiúin is forimeallaí den Aontas. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le tír nó le críoch thar lear a athraíonn a stádas go réigiún is forimeallaí trí chinneadh ón gComhairle Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 355(6) de CFAE ón dáta a ghlacfar an cinneadh sin. I gcás ina n-athróidh réigiún forimeallach de chuid an Aontais a stádas i gcomhréir leis an nós imeachta céanna, scoirfidh Airteagal 5.11 (Na réigiúin is forimeallaí) d’fheidhm a bheith aige ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh ábhartha ón gComhairle Eorpach. Tabharfaidh an tAontas fógra don Nua-Shéalainn faoi aon athrú a bhaineann le stádas na gcríoch a mheastar mar na réigiúin is forimeallaí den Aontas.’

▼ **M1**

	Airteagal 5.14.2 ‘2. D’fhonn beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, léireoidh an t-údarás inniúil imscrúdaithe, ar bhonn fianaise oibiachtúla, gur ann do nasc cúisíoch idir an méadú atá tagtha ar allmhairí an táirge lena mbaineann agus an mhórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála nó gur ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an meath tromchúiseach nó an bhagairt meatha thromchúisigh. Scrúdóidh an t-údarás inniúil imscrúdaithe freisin tosca aitheanta seachas na hallmhairí méadaithe chun a áirithiú nach gcuirtear i leith na n-allmhairí méadaithe an díobháil arb iad na fachtóirí eile sin ba chúis léi.’ Airteagal 5.14.3 ‘3. Cuirfear an t-imscrúdú i gcrích i ngach cás laistigh de bhliain amháin tar éis dháta a thionscnaimh.’
--	---

▼B**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún**

Tá Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ag comhaontú ar an tábhacht a bhaineann le dlúthchomhar maidir le cur chun feidhme na gComhaontuithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 lena gcuirtear chun feidhme clásail choimirce dhéthaobhacha agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha áirithe. Chuige sin, i gcás ina nglacfaidh Parlaimint na hEorpa moladh chun imscrúdú coimirce a thionscnamh, aontaíonn siad go ndéanfaidh an Coimisiún scrúdú cúramach i dtaobh an bhfuil na coinníollacha faoin Rialachán maidir le tionscnamh *ex-officio* á gcomhlíonadh. Sa chás go measann an Coimisiún nach bhfuil na coinníollacha á gcomhlíonadh, déanfaidh sé tuarascáil a thíolacadh do choiste freagrach Pharlaimint na hEorpa ina mbeidh míniú ar na tosca go léir atá ábhartha maidir le tionscnamh an imscrúdaithe sin.